# Cearta Teanga

## Treoir do Mhic Léinn

Union of Students in Ireland
*Aontas na Mac Léinn in Éirinn*

# Clár Ábhar

1. Clár Ábhar
2. Fáilte
3. An tAcht
6. Scéimeanna Teanga na nInstitiúidi Oideachais 3ú Leibhéal
13. Stór Focal

# AMLÉ

Union of Students in Ireland
*Aontas na Mac Léinn in Éirinn*

Is eagraíocht dhátheangach í Aontas na Mac Léinn in Éirinn (AMLÉ).

Tá polasaithe teanga ag an Aontas a chintíonn go mbeidh an Ghaeilge in úsáid ann agus go mbeidh sí feiceálach in aon fheachtas nó fhoilseacháin a scaiptear in ainm na heagraíochta.

Tá Leas-Uachtarán don Ghaeilge lán-aimseartha tofa san Aontas a thugann tacaíocht don Aontas ina iomlána chun an teanga a chur chun cinn.

Tá sé mar sprioc ag AMLÉ an Ghaeilge a neartú, ní hamháin ag an tríú leibhéal ach ar fud an oileáin. Tuigeann AMLÉ tábhacht na Gaeilge inár stair agus inár dtodhchaí, agus creideann gur chór go mbeidh ról lárnach ag an dteanga sa phobal ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta.

Déanann AMLÉ neart oibre ar réimsí éagsúla a bhaineann leis an nGaeilge ó thaobh oideachais agus cur chun cinn na teanga de.

Ar na rudaí is mó atá bainte amach againn ná an Deontas Gaeltachta a thabhairt isteach d'ábhair oide, an Foclóir Aiteach don phobal LADT+ le Gaeilge agus Use Your Cúpla Focal le mic léinn gan mórán Gaeilge a spreagadh an teanga a úsáid.

# Fáilte

## Clíodhna Ní Dhufaigh



Leas Uachtarán don Ghaeilge in Aontas na Mac Léinn in Éirinn

Tá lúchair orm an leabhrán seo a sheoladh in éineacht le hOifig an Choimisinéara Teanga a chuireann eolas ar fáil do mhic léinn maidir le Cearta Teanga faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Tá sé fíorthábhacht sa lá atá inniu ann ní hamháin go mbainimid úsáid as na seirbhísí poiblí atá againn trí Ghaeilge ach go ndéanfaimid troid ar son ár gcearta agus go gcuirimid brú ar chomhlachtaí Stáit ár riachtanais teanga a chomhlíonadh.

An aidhm atá leis an leabhrán seo ná eolas a thabhairt do mhic léinn faoi na cearta atá acu mar chainteoirí Gaeilge faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus iad a spreagadh chun seirbhísí trí Ghaeilge a éilimh.
Tá an freagracht againn mar chainteoirí Gaeilge go gcuirfimis brú a chur ar an Stáit ár gcearta teanga a aitheant agus a chomhlíonadh agus go mbeimis ag troid ar son na Gaeilge i gcónaí.

## Lorna Fitzpatrick



President, Union of Students in Ireland

The Union of Students in Ireland is delighted to be launching the Cearta Teanga Booklet in this our 60th year. USI is committed to the development, encouragement and promotion of the Irish Language as a living language and this booklet works to achieve some elements of that goal.

There are more than 200 Gaelscoileanna, and second-level school teaching through the medium of Irish, and several thousand studying the Language at third level. We encourage all students to use the Irish Language in their everyday lives, regardless of the level of ability, if you have a cúpla focal, you have Gaeilge and that should be celebrated.

As an Irish Speaker in the South, you have a number of rights as laid out in Acht na dTeangacha Oifigiúla and we want to ensure that you are fully aware of your rights but are also aware of who you can speak to if you feel your rights are being denied. While we recognise the rights of students in the South in relation to the Irish Language, we will continue to support our members and friends in the North who wish to have their rights recognised under the law.

We hope you find this booklet useful and it helps you to use your Irish when engaging with public bodies and continue to ensure Irish is a living language that we love and celebrate.

Aontas na Mac Léinn in Éirinn

# An tAcht

## Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003:

Cúlra: Leagtar amach stádas na Gaeilge i mBunreacht na hÉireann. Deir Airteagal 8 den Bhunreacht:

1. Ós í an Ghaeilge an teanga náisiúnta is í an phríomhtheanga oifigiúil í.
2. Glactar leis an Sacs-Bhéarla mar theanga oifigiúil eile
3. Ach féadfar socrú a dhéanamh le dlí d'fhonn ceachtar den dá theanga sin a bheith ina haonteanga le haghaidh aon ghnó nó gnóthaí oifigiúla ar fud an Stáit ar fad nó in aon chuid de.

An tAcht: Ar an 14 Iúil 2003 shínigh an tUachtarán Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ina dhlí. Tá sé mar aidhm ag an Acht sin líon agus caighdeán na seirbhísí trí Ghaeilge a chuireann eagraíochtaí stáit ar fáil don phobal a mhéadú, ar bhealach eagraithe, thar thréimhse ama.

Bunchearta Teanga an Mhic Léinn faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003: Leagtar síos na dualgais atá ar chomhlachtaí poiblí (institiúidí oideachais san áireamh) cur ar chumas daoine cumarsáid a dhéanamh leis an Stát i gceachtar de na teangacha oifigiúla in Alt 9 den Acht.

9(1) Tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú go bhfuil:

- ceannteidil a gcuid stáiseanóireachta (nóta pháipéar, duillíní dea-mhéine, clúdaigh chomhad agus fillteáin, clúdaigh litreach agus lipéid)
- a gcuid comharthaíochta agus
- a gcuid fógairtí taifeadta béil

á soláthar i nGaeilge nó go dátheangach faoi dhátaí áirithe a dhaingnítear faoi na Rialacháin.

9(2) Nuair a scríobhann duine chuig comhlacht poiblí i nGaeilge, i bhfoirm litreach nó ar ríomhphost, tá an duine sin i dteideal freagra a fháil i nGaeilge.

9(3) Tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú go bhfuil aon fhaisnéis i scríbhinn a chuirtear chuig an bpobal i gcoitinne, nó chuig aon aicme den phobal i gcoitinne, i nGaeilge amháin nó i mBéarla agus i nGaeilge.

In Alt 10, pléitear na dualgais atá ar chomhlachtaí poiblí cáipéisí áirithe a fhoilsiú go comhuaineach sa dá theanga oifigiúla, mar shampla: doiciméid ina bhfuil tograí beartais phoiblí, tuarascálacha bliantúla, ráitis airgeadais agus

ráitis stráitéise áirithe.

Anuas ar na dualgais dhíreacha atá orthu faoin Acht, léirítear in Alt 11–18 an próiseas faoina n-aontaíonn an tAire scéimeanna teanga le comhlachtaí poiblí. Tugtar gealltanais reachtúla i scéimeanna teanga maidir le réimse seirbhísí a chuirfear ar fáil i nGaeilge thar thréimhse. Pléifear córas na scéimeanna teanga go mion níos déanaí.

Comhlachtaí Poiblí: Is éard atá i gceist le comhlachtaí poiblí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ná

- Ranna agus oifigí rialtais;
- Údaráis áitiúla;
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte;
- Ollscoileanna agus institiúidí tríú leibhéal eile agus na Boird Oideachais agus Oilúna;
- Gníomhaireachtaí, boird agus cuideachtaí stáit (tráchtála agus neamhthráchtála).

Ní thagann comhlachtaí príobháideacha go ginearálta faoi scáth Acht na dTeangacha Oifigiúla.

## An Coimisinéir Teanga

Tá sé de cheart agat comhairle nó cúnamh a fháil ó Oifig an Choimisinéara Teanga maidir le do chearta teanga faoin Acht. Tá sé de cheart agat chomh maith go bhfiosródh an Coimisinéir Teanga gearáin bhailí a dhéanann tú leis faoi neamhchomhlíonadh dualgas faoin Acht nó faoi aon achtachán eile a bhaineann le stádas nó le húsáid na Gaeilge, mar shampla: an tAcht Oideachais, 1998, an tAcht Iompair, 1950 agus an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000.

## Gearáin

Má dhéanann tú iarracht seirbhís a fháil ó chomhlacht poiblí i nGaeilge agus mura gchiuirtear seirbhís shásúil ar fáil duit, is féidir gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir Teanga ar líne ag coimisineir.ie nó trí theagmháil a dhéanamh leo ag

An Coimisinéir Teanga
An Spidéal,
Gaillimh,
H91 VK23

Ríomhphost: eolas@coimisineir.ie
Guthán: (091) 504 006
Faics: (091) 504 036

## Cosaint Sonraí

Má bhíonn do chuid sonraí in úsáid ag comhlacht poiblí agus má cheapann tú go bhfuil na sonraí mícheart acu, is féidir teagmháil a dhéanamh le hOifig an Choimisiúin um Chosaint Sonraí leis an gcás seo a fhiosrú.

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
21 Cearnóg Mhic Liam
Baile Átha Cliath 2
D02 RD28

Ar líne: dataprotection.ie
Guthán: +353 578 684 800
+353 761 104 800



# Scéimeanna Teanga na nInstitiúidí Oideachais 3ú Leibhéal

Níl aon dualgas díreach faoin Acht ar chomhlachtaí poiblí maidir le seirbhísí fóin, bileoga eolais, foirmeacha iarratais ná suíomhanna gréasáin, i measc seirbhisí eile, a sholáthar i nGaeilge.

Is i scéimeanna teanga a thugann comhlachtaí poiblí gealltanais reachtúla maidir le soláthar seirbhísí den chineál sin sa dá theanga oifigiúla. Cé go bhfuil comóntacht áirithe idir na scéimeanna, tá éagsúlachtaí suntasacha eatarthu chomh maith.

Dá bhrí sin, is gá breathnú ar gach scéim, ceann ar cheann, le féachaint céard iad na seirbhísí trí Ghaeilge atá á soláthar ag eagraíocht ar leith, sa bhreis ar sheirbhísí atá á soláthar mar dhualgas díreach faoin Acht. Fanann na scéimeanna reachtúla sin i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana nó go dtí go ndaingníonn an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta scéim teanga nua leis an gcomhlacht poiblí.

Ní thugann na hachoimrí thíos ach léargas ginearálta ar phríomh-mhíreanna na scéimeanna teanga faoi chaibidil. Tá tuilleadh eolais le fáil sna scéimeanna féin agus, go deimhin, ó na heagraíochtaí lena mbaineann siad. Is féidir teacht ar na scéimeanna ar shuíomh gréasáin an Choimisinéara Teanga agus tá na naisc chuí le fáil thíos. Tá sonraí teagmhála le fáil chomh maith d'oifigeach nó d'oifig i roinnt de na hinstitiúid oideachais a ghlacfaidh le ceisteanna maidir le scéim teanga na hinstitiúide sin.

| Ainm na hInstitiúide | Cineál Scéime | Bliain ar aontaíodh an scéim is deireanaí |
|---|---|---|
| Coláiste na hOllscoile, Corcaigh | Scéim 1 | 2006 |
| Coláiste na Trionóide, Baile Átha Cliath | Scéim 3 | 2017 |
| Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain | Scéim 2 | 2017 |
| Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach | Scéim 1 | 2017 |

| | | |
|---|---|---|
| Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan | Scéim 3 | 2018 |
| Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn | Scéim 3 | 2015 |
| Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo | Scéim 3 | 2019 |
| Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge | Scéim 1 | 2014 |
| Institiúid Teicneolaíochta Trá Lí | Scéim 3 | 2018 |
| An Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach | Scéim 2 | 2019 |
| Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath | Scéim 1 | 2006 |
| Ollscoil na hÉireann Gaillimh | Scéim 3 | 2018 |
| Ollscoil Mhá Nuad | Scéim 3 | 2018 |
| Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath * | Scéim 2 | 2018 |
| Institiúid Teicneolaíochta, Tamhlacht * | Scéim 1 | 2015 |

* Tá scéimeanna teanga daingnithe ag an Aire le IT Bhaile Átha Cliath agus IT Tamhlacht atá anois mar chuid d'Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Ní raibh aon scéim teanga daingnithe le IT Bhaile Bhlainséir.

## Coláiste na hOllscoile Corcaigh: Scéim Teanga 1 – 2006–2009

Tugann na cuspóirí, a leagtar amach i gCaibidil 3 den scéim teanga, léargas ar na spriocanna ar mhian leis an Ollscoil a bhaint amach laistigh de thréimhse na Scéime seo. Baineann na spriocanna sin leis an gcumarsáid inmheánach agus sheachtrach, teicneolaíocht na faisnéise, na meáin chumarsáide, seirbhísí lárnacha do mhic léinn, oiliúint foirne le go dtreiseofaí éifeacht na Scéime agus le foilseacháin Ollscoile a bhfuil sé i gceist iad a chur ar fáil go dátheangach i rith thréimhse na Scéime.

## Coláiste na Tríonóide: Scéim Teanga 3 – 2017–2020

I measc na bpríomhsheirbhísí trí Ghaeilge a áirítear i Scéim Teanga Choláiste na Tríonóide, tá cumarsáid inmheánach agus sheachtrach, seirbhísí leabharlainne, foilseacháin, ranganna Gaeilge agus seirbhísí lárnacha do mhic léinn. Tá seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil i Leabharlann Berkley agus Leabharlann

Hamilton ó 9-3:30. Chomh maith leis sin, tá scéim chónaithe leagtha síos do mhic léinn le Gaeilge agus tá Oifigeach Gaeilge ceaptha ag an gcoláiste.

An tOifigeach Gaeilge
Áine Ní Shúilleabháin
Fón: 01-8963652
Ríomhphost: gaeloifig@tcd.ie

## IT Bhaile Átha Luain: Scéim Teanga 2 – 2017–2020

Cuirtear raon seirbhísí ar fáil i réimsí a bhaineann le cumarsáid, le foilseacháin agus leis na meáin. I dtaobh na cumarsáide de, áirítear sa scéim go bhfuil socruithe oiriúnacha i bhfeidhm ionas go gcuirfear baill foirne ag an deasc fáiltithe ar an eolas faoin urlabhraí ainmnithe i gcás go gcuirfí ceist orthu as Gaeilge agus ionas go mbeidís in ann baill den phobal a chur i dteagmháil gan mhoill leis an oifig nó oifigeach atá freagrach. Ina theannta sin, beidh ábhar ceannteidil an tsuímh gréasáin ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge araon. Tugtar le fios chomh maith go bhfoilsítear preaseisiúintí a bhaineann leis an nGaeilge go dátheangach.

Janet Owens
Fón: 090 64 68102
Ríomhphost: jowens@ait.ie

## IT Cheatharlach: Scéim Teanga 1 – 2017–2020

Cuirtear raon seirbhísí ar fáil go dátheangach sna réimsí seo a leanas: cumarsáid, an leabharlann, foilseacháin, na meáin, teagasc na Gaeilge agus forbairt gairmeacha. Cuirtear ranganna Gaeilge ar fáil do mhic léinn ar spéis leo tabhairt fúthu agus cuirfidh Oifig na nGairmeacha deiseanna poist agus breisoideachais le Gaeilge in iúl d'fhoghlaimeoirí. Beidh foirmeacha iarratais, bileoga eolais agus bróisiúir ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon agus dearbhaítear go mbeidh an Ghaeilge ar chártaí na mac léinn chomh maith.

Daithí Denieffe
Fón: 059-91715705
Ríomhphost: david.denieffe@itcarlow.ie nó sceimteanga@itcarlow.ie

## IT Dhún Dealgan: Scéim Teanga 3 – 2018–2021

Tá an Institiúid tiomanta do sheirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar i nGaeilge agus/nó go dátheangach dá cuid custaiméirí. Tá seirbhísí dá leithéid ar fáil i réimsí éagsúla, cumarsáid, foilseacháin agus an suíomh gréasáin ina measc.

Tá tairseach tiomnaithe Gaeilge bunaithe agus ar fáil tríd an bpríomhshuíomh gréasáin. Maidir le cumarsáid ar an bhfón, tá córas uathoibríoch i bhfeidhm a thabharfaidh ainm na hInstitiúide agus roghanna roghchláir trí Ghaeilge. Chomh maith leis sin, cuirfear socruithe eile i bhfeidhm chun daoine ón bpobal a chur i dteagmháil, go tráthúil, leis an oifig nó oifigeach atá in ann an tseirbhís atá uathu a chur ar fáil trí Ghaeilge.
Tá Oifigeach Gaeilge dá cuid féin ag an Institiúid a thabharfaidh an deis dóibh siúd ar mhian leo a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge sin a dhéanamh go tráthúil.

Oifigeach na Gaeilge:
Éamonn de Barra
Fón: +353 (0)42-93700410 (fo-líne 2163)
Ríomhphost: debarrae@dkit.ie

## IT Leitir Ceanainn: Scéim Teanga 3 – 2015–2018

Tá raon seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge sna réimsí seo a leanas: cumarsáid, foilseacháin agus an leabharlann. Anuas air sin, is féidir le mic léinn lánaimseartha Gaeilge a ghlacadh mar mhodúl aisti féin ar chláir áirithe san Institiúid. Déantar gach iarracht an pobal a chur ar an eolas faoi na seirbhísí dátheangacha atá ar fáil dóibh trí fhógraí a chrochadh sna hoifigí fáilte a léiríonn na seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge, chomh maith leis na seirbhísí sin a bheith breá feiceálach ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide. Lena chois sin, cuirfear fonótaí ar threoirlínte, bileoga agus foirmeacha iarratais áirithe, ag míniú go bhfuil na doiciméid sin ar fáil i nGaeilge chomh maith.

## IT na Gaillimhe – Maigh Eo: Scéim Teanga 3 – 2019–2022

Díríonn scéim teanga IT na Gaillimhe-Maigh Eo ar na mór-réimsí seo a leanas: cumarsáid, an leabharlann, foilseacháin, teicneolaíocht faisnéise agus na meáin chumarsáide. Go sonrach, gealltar go mbeadh cumas Gaeilge sna hoifigí seo a leanas ar a laghad: Fáiltiú; Margaíocht, Cumarsáid, Oifigeach Idirchaidrimh leis na Mic Léinn; Rochtain; Acmhainní Daonna; Saoráil Faisnéise/Cosaint Sonraí; Oifigeach Gaeilge; Léachtóirí ar na Cúrsaí/Céimeanna ina bhfuil Gaeilge mar ábhar. Tugtar le fios chomh maith go mbeadh faisnéis statach ghinearálta ar fáil go dátheangach ar an suíomh gréasáin.

## IT Phort Láirge: Scéim Teanga 1 – 2014–2017

Baineann príomhréimsí na scéime teanga atá daingnithe ag IT Phort Láirge le cumarsáid, seirbhísí leabharlainne, foilseacháin agus le seirbhísí lárnacha do mhic léinn. Anuas ar an méid sin, beidh an Ghaeilge ar fáil mar ábhar roghnach do mhic léinn i gcúrsaí nach raibh sí á tairiscint dóibh ag tús na scéime.

Tugtar le fios go mbeidh an chuid is mó den eolas ginearálta faoin Institiúid ar an suíomh gréasáin ar fáil go dátheangach chomh maith.

## IT Trá Lí: Scéim Teanga 3 – 2018–2021

Tá sé geallta i scéim teanga seo go leanfar de chumarsáid reatha na hInstitiúide leis an bpobal i gcoitinne maidir le gnáthfhaisnéis faoina cuid seirbhísí a chur ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge araon trí:

- Bileoga eolais agus bróisiúir;
- Foilseacháin;
- Suíomh gréasáin – eolas ginearálta statach;
- Preaseisiúintí maidir leis an nGaeilge, nó ábhar a bhaineann léi.

Maidir leis an suíomh gréasáin, beidh an t-eolas statach ginearálta ar fáil go dátheangach, chomh maith leis an 25 leathanach gréasáin is mó a dtugtar cuairt orthu.

## An IT, Sligeach: Scéim Teanga 2 – 2019–2022

Cuirtear raon seirbhísí ar fáil go dátheangach sna réimsí seo a leanas: cumarsáid, foilseacháin, an leabharlann agus na meáin. I dtaobh seirbhísí lárnacha a sholáthar do mhic léinn, tugtar le fios go n-eiseofar foirmeacha iarratais díreacha do mhic léinn fochéime agus iarchéime go dátheangach agus go mbeidh leaganacha Gaeilge agus leaganacha Béarla de réimse foirmeacha iarratais a bhaineann le ballraíocht sheachtrach na leabharlainne ar fáil.

## Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath: Scéim Teanga 1 – 2006–2009

Cuirtear seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge i gcomhthéacsanna áirithe a bhaineann le cumarsáid, foilseacháin, an leabharlann agus le soláthar seirbhísí do mhic léinn. Ó thaobh cúrsaí cumarsáide de, foilseofar uimhir fóin ar leith sna heolairí fóin faoin gceannteideal Fiosrúcháin Ghinearálta as Gaeilge do dhaoine ar mhian leo teagmháil a dhéanamh leis an Ollscoil trí Ghaeilge. Fógrófar an uimhir ar shuíomh gréasáin na hOllscoile chomh maith. Ina theannta sin, cuireann Fiontar cláir idirdhisciplíneacha fochéime agus iarchéime ar fáil, agus déanann sé taighde i bhfeidhmiúcháin do theanga na Gaeilge i sochaí chomhaimseartha. Déantar na cláir agus na seirbhísí uile do mhic léinn Fiontar a sholáthar trí mheán na Gaeilge.

Oifig na Gaeilge
Siobhán Seoighe
Fón: (01) 700 6191
Ríomhphost: oifigeach.gaeilge@dcu.ie

## Ollscoil na hÉireann, Gaillimh: Scéim Teanga 3 – 2018–2021

De réir na Scéime Teanga atá curtha i dtoll a chéile ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, beidh raon seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge i réimsí éagsúla. Ina measc siúd tá cumarsáid leis an bpobal, foilseacháin, seirbhísí tacaíochta, seirbhísí comhairleoireachta, seirbhísí acadúla, an leabharlann agus an Ghaeltacht. Maidir leis an gcóras malartáin, tá rogha ag an gcustaiméir a ghlaonn ar an Ollscoil ón taobh amuigh rogha seirbhís trí Ghaeilge a fháil.

## Ollscoil Mhá Nuad: Scéim Teanga 3 – 2018–2021

Ar mhaithe le soláthar a dhéanamh ar mhic léinn a dteastaíonn uathu a gcuid gnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge, cuireann Ollscoil Mhá Nuad raon seirbhísí ar fáil sna mór-réimsí seo a leanas: cumarsáid, foilseacháin, teicneolaíocht faisnéise, na meáin agus an tIonad Forbartha Gairmeacha. Is í Oifig na Gaeilge a bheidh mar phríomhphointe teagmhála do chainteoirí Gaeilge na hOllscoile.

Oifigeach Gaeilge
Orla Bradshaw / Brian Mac Maghnuis
Fón: 01 7086133
Ríomhphost: oifig.nagaeilge@mu.ie

## Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

Comhlacht nuabhunaithe é seo atá comhdhéanta de thrí institiúid sheanbhunaithe – Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Institiúid Teicneolaíocht, Tamhlacht agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir. Tá na scéimeanna teanga a daingníodh i gcás na gcomhlachtaí sin fós i bhfeidhm go dtí go ndaingnítear ceann nua.

### IT Bhaile Átha Cliath: Scéim Teanga 2 – 2018–2021

Tá na ranna seo a leanas ar na príomhsholáthraithe seirbhísí do mhic léinn ITBÁC i láthair na huaire agus is iad na ranna príomhfhócais iad ó thaobh soláthar seirbhísí Gaeilge a fhorbairt le linn na Scéime seo: seirbhísí leabharlainne, seirbhísí mhic léinn ITBÁC agus oifig na n-eastát. Anuas air sin, cuirfear leis an líon agus an caighdeán seirbhísí atá ar fáil maidir le foilseacháin, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáid i gcaitheamh na Scéime.

### IT Tamhlacht: Scéim Teanga 1 – 2015–2018

Go príomha, is i réimsí a bhaineann le cumarsáid, foilseacháin, caidreamh poiblí agus leis an suíomh gréasáin a sholáthraítear seirbhísí trí Ghaeilge do mhic léinn. I dtaobh cúrsaí cumarsáide de, tá gealltanas tugtha ag ITT seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil do dhaoine a ghlaonn ar an Institiúid. Tugtar le fios

chomh maith go ndéanfar na bróisiúir, foirmeacha iarratais ar chúrsaí agus bileoga eolais atá le nuashonrú a aistriú agus a chur ar fáil sa dá theanga laistigh de shaolré na Scéime. Deirtear go mbeidh an t-eolas ginearálta a chuirtear ar fáil ar an suíomh gréasáin ar fáil go dátheangach.

### IT Bhaile Bhlainséir

Níl scéim curtha i dtoll a chéile ná dréachtscéim iarrtha.

Oifig na Gaeilge
Gráinne Ní Bhreithiún
Fón: 01-402 7043
Ríomhphost: gaeilge@tudublin.ie

## Iarratas ar Dhréacht-Scéim Teanga a ullmhú

Tá iarratas déanta ag an Aire ar roinnt institiúid oideachais tríú leibhéal scéim teanga a ullmhú agus a chur faoin bhráid. Ní raibh na scéimeanna sin daingnithe agus an leabhrán seo á chur i gcló.

| Ainm na hInstitiúide | Bliain an Iarratais | Teagmháil |
|---|---|---|
| CIT: Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí | 2009 | |
| LIT: Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh | 2015 | |

## Institiúidí Oideachais 3ú Leibhéal nach bhfuil iarratas déanta orthu go fóill scéim teanga a ullmhú

| Ainm na hInstitiúide | Teagmháil |
|---|---|
| Coláiste Cheatharlach | Uachtarán an Choláiste<br>An tAthair Conn Ó Maoldhomhnaigh<br>Fón: 059 9153236<br>Ríomhphost: presoffice@carlowcollege.ie |
| NCAD: An Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha | |
| IADT: Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire | |

# Stór Focal

| As Gaeilge | English |
|---|---|
| Ag cloí le | Adhering to |
| Ag comhlíonadh dualgais | Fulfilling an obligation |
| Ag cur i bhfeidhm | Implementing |
| Ag sárú | Infringing / breaching |
| An bhfuil sé de cheart agam? | Am I entitled to? |
| Ba mhaith liom mo ghnó a dhéanamh as Gaeilge | I would like to attend to my affairs through Irish |
| Comhfhreagras | Correspondence |
| Comhlacht poiblí | Public body |
| Comhlíontach | Compliant |
| Dátheangach | Bilingual |
| De réir | According to |
| Dréachtscéim | Draft scheme |
| Dualgas reachtúil | Statutory obligation |
| Foráil | Provision |
| Gealltanas | Commitment |
| Gearán | Complaint |
| Go comhuaineach | Simultaneously |
| Leagan Gaeilge / Béarla | Irish / English version |
| Mac léinn fochéime / iarchéime | Undergraduate / Postgraduate student |
| Neamhchomhlíontach | Non-compliant |
| Níl teacht orm ar | I do not have access to |
| Scéim teanga | Language scheme |
| Seirbhísí a chur ar fáil | To provide services |
| Sonraí teagmhála | Contact details |
| Tá ceist agam maidir le | I have a query regarding |
| Reachtaíocht | Legislation |
| Rialacháin | Regulations |

**Union of Students in Ireland**
*Aontas na Mac Léinn in Éirinn*

MMXX